# TREOIRLÍNTE DO CHLÁR NA nDEONTAS OIDEACHAS POBAIL 2012

## (Léigh iad seo go cúramach, le do thoil, sula líonfaidh tú an fhoirm iarratais seo)

**Sainmhíniú ar Oideachas Pobail:**

*"Oideachas Pobail is ea oideachas agus foghlaim atá fréamhaithe i bpróiseas cumasaithe, cearta sóisialta, athrú, dúshlán, meas agus comhfhios. Bíonn sé sa phobal agus ar son an phobail, ag léiriú riachtanais na ndaoine aonair agus a n-ionad de réir mar a bhíonn siad ag forbairt. Cruthaíonn sé cumas na bpobal áitiúil chun díriú ar phleananna réitigh do mhíbhuntáistí oideachais agus struchtúrtha agus chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus i gcruthú polasaí laistigh den phobal. Tá sé éagsúil ó sholáthar ginearálta an oideachais aosaigh, mar gheall ar an éiteas agus na modheolaíochtaí atá ina chuid de."**

*Aontas, 2004, lch 18 **(Aistriúchán)**

**CUSPÓIR**

Is é an aidhm atá ag scéim na nDeontas Oideachas Pobail tionscnaimh oideachas pobail a chothú agus/nó a fhorbairt laistigh de na pobail áitiúla féin. Díríonn Scéim na nDeontas Oideachas Pobail ar dheiseanna a chur ar fáil do dhaoine chun a gcuid riachtanas oideachais féin a aithint, a bheith ag foghlaim ina bpobal féin agus tacú le céimeanna forbartha ón mbunchloch thábhachtach pobail seo, chun go mbeidh na pobail féin páirteach i bpróiseas cumasaithe agus athraithe.

**AIDHM**

A chur ar chumas na ndaoine is mó atá scoite amach a bheith páirteach i gcúrsaí oideachais ar mhaithe lena muinín a neartú, cur ar a gcumas iad féin a fhorbairt mar dhaoine aonair agus cuidiú le forbairt na bpobal dar díobh iad.

**SPRIOCANNA**

- go mbeidh na pobail is mó atá scoite amach páirteach i dtionscnaimh oideachas pobail
- cur ar chumas daoine páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oideachas pobail agus eile atá ag tarlú sa phobal
- cumas daoine a neartú chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus i saol na bpobal dar díobh iad
- dul chun cinn a spreagadh do ghrúpaí nó do dhaoine aonair mar is cuí
- eolas a bhailiú agus taighde a dhéanamh a chuirfidh le dea-chleachtais agus roinnt eolais

**SPRIOCGHRÚPAÍ:**

- Grúpaí ban sa phobal
- Grúpaí fear sa phobal
- Grúpaí Taistealaithe/den Lucht Siúil
- Daoine faoi mhíchumas (sláinte mheabhrach/intinne san áireamh)
- Grúpaí Ealaíon Pobail
- Daoine scothaosta
- Daoine a fhágann an scoil go luath
- Grúpaí Tuismitheoirí
- Mionlaigh eitneacha/teifigh agus iarrthóirí tearmainn
- Daoine ar bheagán fostaíochta nó atá dífhostaithe

**MAOINIÚ**

Tá uasdheontas de € 3,500 an grúpa ar fáil. Má éiríonn le hiarratas grúpa, tabharfar 75% den deontas iomlán dóibh. Scaoilfear an 25% eile nuair a chuirfear fianaise ar fáil faoin gcaiteachas a bhí i gceist sa chéad 75% agus de thoradh cruinnithe a bheidh ag an ngrúpa pobail leis an Éascaitheoir Oideachas Pobail.

**<u>TÁ</u> MAOINIÚ AR FÁIL LE HAGHAIDH:**

- Táillí teagascóra (ní mór 75% ar a laghad den deontas a chaitheamh ar tháillí teagascóra)
- Ábhair atá riachtanach do rang nó do ghníomhaíocht ar leith
- Cíos ar Ionad
- Poiblíocht
- Obair réamhfhorbartha chun grúpa a chur le chéile
- Costas Tae/Caife, mionsólaistí

**<u>NÍL</u> MAOINIÚ AR FÁIL LE HAGHAIDH:**

- Clubanna/Grúpaí Óige
- Clubanna Spóirt
- Sócmhainní nó ábhair d'Ionaid Pobail, ar nós ríomhairí, cócaireáin, boird nó nithe eile
- Grúpaí nach bhfuil liostaithe faoi na spriocghrúpaí thuas
- Athmhaoiniú do ghrúpaí do na gníomhaíochtaí céanna; ní mór do ghrúpaí den chineál sin bealaí chun cinn a aithint do na rannpháirtithe agus daoine nua a ghríosadh chun úsáid a bhaint as na deiseanna atá sa phobal cheana féin
- Iarratas ó dhuine aonair atá ag iarraidh seisiún oiliúna a dhéanamh le grúpa.

**Pointí Eile le Tabhairt Faoi Deara**

- Ní dea-chleachtas é go mbeadh na teagascóirí atá molta ina mbaill de choiste an ghrúpa atá ag déanamh iarratais

- Nuair a bheifear ag measúnú iarratas ó ghrúpaí seanbhunaithe, tabharfar tús áite do ghrúpaí a léiríonn nuálaíocht sna cúrsaí atá roghnaithe acu. Chomh maith leis sin, áireofar a gcuid iarrachtaí chun rannpháirtithe nua a earcú mar aon leis na roghanna ó thaobh teastasú agus dul chun cinn atá ar fáil ag na rannpháirtithe.

*** Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais nach bhfuil líonta go hiomlán.**